Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12203/21**

**ECOFIN 892**
**ENV 686**
**CLIMA 268**
**FIN 721**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12094/21 |
| Ábhar: | Maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide<br>– Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide (5 Deireadh Fómhair 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3814ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl an 5 Deireadh Fómhair 2021.

**CONCLÚIDÍ 2021 ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN MAOINIÚ DON TROID I gCOINNE AN ATHRAITHE AERÁIDE**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT tacaíocht láidir an Aontais agus a Bhallstát do chur chun feidhme práinneach uaillmhianach Chomhaontú Pháras agus TÁ SÍ TIOMANTA dlús breise a chur leis na hiarrachtaí i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis na cuspóirí uaillmhianacha glasa agus leis na spriocanna caiteachais aeráide atá á saothrú trí Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais, lena n-áirítear ionstraimí beartais sheachtraigh an Aontais, agus NextGenerationEU, agus ar bhonn an Dlí Aeráide Eorpaigh lena gceanglaítear ar an Aontas glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 ó leibhéil 1990 agus a bheith aeráidneodrach faoi 2050. MOLANN SÍ do na Páirtithe eile dlús a chur lena n-iarrachtaí féin chun dul i ngleic leis an athrú aeráide d'fhonn spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na sineirgí idir Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus Comhaontú Pháras.

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dul chun cinn mear uaillmhianach a dhéanamh i dtreo spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach, mar a deimhníodh arís eile leis na torthaí sa tuarascáil ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) a foilsíodh i mí Lúnasa 2021. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go n-áirítear leis sin sreafaí maoiniúcháin – idir phoiblí agus phríobháideach, intíre agus idirnáisiúnta – atá comhchuí le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt aeráid-díonach, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Páirtithe i gComhaontú Pháras i ndáil leis sin sa Mheasúnú Débhliantúil a dhéanfaidh an Buanchoiste um Maoiniú agus sa Stocáireamh Domhanda atá le teacht in 2023. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gcaiteachas ar théarnamh Covid-19 chun geilleagair a chur ar bhealach atá níos inbhuanaithe agus níos aeráidneodraí agus níos aeráid-díonaí[1].

---

[1] Féach tuarascáil UNEP, Márta 2021, *Are We Building Back Better? Evidence from 2020 and Pathways for Inclusive Green Recovery Spending* - [An bhfuilimid ag atógáil ar bhealach níos fearr? Fianaise ó 2020 agus Bealaí le haghaidh caiteachas téarnaimh atá glas agus cuimsitheach] https://www.unep.org/news-and-stories/press-release/are-we-track-green-recovery-not-yet.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá feabhas suntasach a chur ar an leas a bhaintear as maoiniú príobháideach chun cuidiú le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme agus CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach giarála a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeartas poiblí, lena n-áirítear maoiniú poiblí, chomh maith le treochláir earnála i ndáil leis an méid sin. MOLANN SÍ do na Páirtithe uile feabhas a chur ar thuairisciú trédhearcach maidir leis an maoiniú príobháideach a slógadh don ghníomhú ar son na haeráide. IARRANN SÍ ar an earnáil phríobháideach iarrachtaí a threisiú go mór chun cuidiú le todhchaí aeráidneodrach aeráid-díonach a bhaint amach. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil céimeanna uaillmhianacha á dtabhairt ag an Aontas agus a Bhallstáit chun sreafaí airgeadais a ailíniú le Comhaontú Pháras, lena n-áirítear trí Phlean Gníomhaíochta 2018 an Aontais maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú agus tríd an Straitéis leantach maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú[2]. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le tacsanomaíocht an Aontais i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, maidir le nochtaí a bhaineann le hinbhuaine d'eisitheoirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le Caighdeán an Aontais i leith Bannaí Glasa, agus maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtacóidh an tAontas le cóineasú cur chuige agus uirlisí inbhuanaithe airgeadais ar fud an domhain agus go gcuirfidh sé comhchuibheas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht chun cinn leis na caighdeáin agus leis an tacsanomaíocht atá forbartha ag an Aontas. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an trédhearcacht agus maolú na rioscaí a bhaineann leis an aeráid sa chóras airgeadais agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ábhartha a cuireadh chun cinn sa Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú agus in obair an G20 agus an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais maidir le maoiniú inbhuanaithe. MOLANN SÍ do na comhpháirtithe páirt a ghlacadh san Ardán Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe.

[2] Mar a ghlac an Coimisiún Eorpach an 6 Iúil 2021 (Strategy for financing the transition to a sustainable economy | European Commission (europa.eu) [Straitéis chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú | An Coimisiún Eorpach]).

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gnéithe lárnacha de thimpeallacht chumasúcháin iad praghsáil carbóin agus na fóirdheontais do bhreoslaí iontaise atá díobhálach don chomhshaol a chéimniú amach chun sreafaí airgeadais a aistriú i dtreo infheistíochtaí atá aeráidneodrach agus inbhuanaithe, agus chun tacú le haistriú cóir, agus TÁ SÍ TIOMANTA tacaíocht a thabhairt do thíortha atá i mbéal forbartha ina n-iarrachtaí féin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an gealltanas sainráite a thug Cruinniú Mullaigh G7 i mí an Mheithimh deireadh a chur le tacaíocht dhíreach nua rialtais do ghiniúint idirnáisiúnta cumhachta galghuaile gan staonadh faoi dheireadh 2021, lena n-áirítear trí Chúnamh Oifigiúil um Forbairt (ODA), trí mhaoiniú onnmhairiúcháin, trí infheistíocht agus trí thacaíocht airgeadais agus tacaíocht trádáil a chur chun cinn[3] agus iarrann sí ar chomhaltaí OECD leanúint den obair trí chinntí ábhartha a dhéanamh maidir le tuairisciú ODA agus maidir le Comhthuiscint Earnála Giniúna Leictreachais Ghualbhreoslaithe i ndáil le Socrú OECD maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról Chomhghuaillíocht na nAirí Airgeadais don Ghníomhú ar son na hAeráide i ndáil le breithnithe maidir leis an athrú aeráide a phríomhshruthú i gceapadh beartais mhacraifhioscaigh agus i bpróisis bhuiséadacha, úsáid ionstraimí praghsála carbóin a chur chun cinn agus maoiniú príobháideach don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh, d’fhonn tús áite a thabhairt d’fhás aeráidneodrach aeráid-díonach agus chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a éascú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT na buntáistí a bhaineann leis an maoiniú is gá a shlógadh agus a ailíniú chun pleananna náisiúnta gníomhaíochta aeráide a chur chun feidhme; le dea-chleachtais a fhorbairt amhail meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí aeráide an mhaoinithe phoiblí agus straitéisí le haghaidh infheistíocht ghlas agus soláthar glas; agus le rioscaí agus leochaileachtaí aeráide a chuimsiú i bpleanáil eacnamaíoch na gcomhaltaí, i gcomhréir le Prionsabail Heilsincí na Comhghuaillíochta.

3 Teachtaireacht ón gCruinniú Mullaigh G7, Cuan Carbis, mír 39.

6. ATHDHAINGNÍONN SÍ gealltanas an Aontais agus a Bhallstát leanúint dá rannchuidiú leis an maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú ó réimse leathan foinsí – idir phoiblí agus phríobháideach, dhéthaobhach agus iltaobhach, lena n-áirítear foinsí malartacha maoiniúcháin – ionstraimí agus cainéil, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí fóinteacha maolúcháin agus na trédhearcachta maidir le cur chun feidhme, mar chuid den sprioc atá ag tíortha forbartha USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh as lámh a chéile idir seo agus 2025. MEABHRAÍTEAR DI gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit is mó a chuireann le maoiniú poiblí idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide, agus, ó 2013 i leith, go bhfuil dúbailt tagtha ar a ranníocaíocht, agus gur thíolaic siad teachtaireacht chuimsitheach mhionsonraithe maidir le faisnéis *ex ante* i ndáil le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, i gcomhréir le hAirteagal 9.5 de Chomhaontú Pháras. Ós feasach di an tuarascáil OECD a tháinig amach le déanaí maidir le sonraí maoiniúcháin don troid i gcoinne an athraithe aeráide do 2019[4], IARRANN SÍ ar thíortha forbartha eile a ranníocaíocht leis an sprioc chomhchoiteann USD 100 billiún a mhéadú freisin mar ábhar práinne.

7. Sa chomhthéacs sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá leanúnach atá le maoiniú a mhéadú chun tacú le cuspóirí oiriúnúcháin, agus le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir gníomhaíochtaí maolúcháin agus oiriúnúcháin, go háirithe sna tíortha is leochailí, agus ar mhaithe leis na pobail is leochailí iontu, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. CUIREANN SÍ I dTREIS freisin a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do thacaíocht do chur chun feidhme Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta, do mhaoiniú príobháideach a shlógadh níos fearr trí idirghabhálacha poiblí, d'fheabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide chomh maith le trédhearcacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme, faireachán rialta, agus measúnú leanúnach ar éifeachtacht na gcistí a chuirtear ar fáil.

4 Climate Finance Provided and Mobilised by Developed Countries Aggregate trends updated with 2019 data [Maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide arna sholáthar agus arna shlógadh ag Tíortha Forbartha: Treochtaí a tugadh cothrom le dáta le sonraí 2019].

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas an Aontais agus a Bhallstát páirt chuiditheach a ghlacadh sa phlé maidir le sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a leagan síos nach lú ná USD 100 billiún in aghaidh na bliana í don tréimhse i ndiaidh 2025, agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh. IARRANN SÍ ar na Páirtithe an sprioc nua a cheapadh sa chaoi go n-áiritheofar go mbeidh sreafaí maoiniúcháin comhchuí le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus go rannchuideoidh siad go héifeachtach leis an maolú agus leis an oiriúnú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin gur gá ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme na sprice USD 100 billiún, gur gá measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú a dhéanann na Páirtithe le maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh i dtreo sreafaí maoiniúcháin a aistriú, agus an raon ionstraimí agus foinsí maoiniúcháin a leathnú, lena n-áirítear trí mhaoiniú príobháideach a shlógadh.

9. MEABHRAÍTEAR DI an ról ríthábhachtach atá ag Bainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) agus ag Institiúidí Maoinithe Forbraíochta (DFInna) eile chun spriocanna aeráide agus gealltanais maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear trí mhaoiniú príobháideach a shlógadh don troid i gcoinne an athraithe aeráide. IS DÍOL SÁSAIMH DI na straitéisí a bhunaigh roinnt príomh-MDBanna, lena n-áirítear, mar cheannródaí, an Banc Eorpach Infheistíochta, chomh maith leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda, agus DFInna eile chun a bpunanna a ailíniú le Comhaontú Pháras agus chun infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid a mhéadú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le pleananna lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach na straitéisí sin, lena n-áirítear maidir le hiasachtú idirghafa agus, *inter alia*, trí thacú le tíortha Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta, Straitéisí Fadtéarmacha agus Pleananna Oiriúnúcháin atá uaillmhianach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. IARRANN SÍ ar na MDBanna sin, ar na DFInna eile agus ar na Gníomhaireachtaí eile Creidmheasa Onnmhairiúcháin nach bhfuil sin déanta acu go fóill dátaí uaillmhianacha a leagan síos chun straitéisí ailínithe le Comhaontú Pháras a ghlacadh roimh COP26 agus maoiniú breise don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach forléargas a chur ar fáil ar an maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear ón mBanc Eorpach Infheistíochta, agus óna Bhallstáit don bhliain 2020 agus iarrann sí ar an gComhairle é sin a fhormheas roimh chruinniú COP26 de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.